Athbhreithniú an Phríomh fheidhmeannaigh



Padraig McManus
Príomhfheidhmeannach

> An misean a bhí ag BSL i gcónaí riamh ná soláthar leictreachais slán éifeachtúil costéifeachtach a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile agus é sin a dhéanamh ar bhealach atá freagrach go sóisialta.

Creat Straitéiseach

An misean a bhí ag BSL i gcónaí riamh ná soláthar leictreachais slán éifeachtúil costéifeachtach a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile agus é sin a dhéanamh ar bhealach atá freagrach go sóisialta. Athraíonn teicneolaíochtaí agus forbraíonn siad –hidrighiniúint a bhí ann sna 1920í go 1940í, ansin móin agus ola sna blianta ina dhiaidh sin, ansin giniúint ghualbhreoslaithe mar fhreagra ar an ngéarchéim ola sna 1970í agus le blianta beaga anuas stáisiúin gháis chomhthimthrialla níos éifeachtaí agus níos glaine. Bíodh sin mar atá is cuma cibé modh a úsáidtear tá bunsprioc BSL maidir le seirbhís don chustaiméir fanta mar an gcéanna.

Ní mór do BSL freagra nua dinimiciúil a ghlacadh chuige féin arís de réir mar a fhéachann Éire lena spriocanna comhshaoil a bhaint amach agus dul i ngleic leis an dúshlán práinneach a bhaineann le hathrú aeráide.

Déanfaidh BSL a lándícheall aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo, le tacaíocht an Rialtais, ár nAire, ár n-úinéirí agus ár bhfoireann.

Ar an gcúis seo, cheadaigh an Bord Creat Straitéiseach agus clár infheistíochta bainteach dar luach €22 billiún do BSL go dtí 2020. Díreoidh an straitéis nua ar úsáid inbhuanaithe fhreagrach a bhaint as tearc-acmhainní. A bhuíochas leis an straitéis tá sé beartaithe ag BSL a astaíochtaí carbóin a laghdú faoi leath laistigh sa tréimhse 12 bhliain amach romhainn agus go mbeidh an glanleibhéal carbóin ag nialas faoin mbliain 2035. Tiomnófar tuairim is leath den phacáiste iomlán infheistíochta le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, infheisteofar €4 bhilliún i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite agus €6.5 billiún i dtionscadail a thacaíonn le inbhuaine amhail méadrú cliste agus gréasáin chliste.

Faoin mbliain 2020, beidh BSL ag soláthar aon trian dá leictreachas ó ghiniúint in-athnuaite. Áireoidh sé seo breis is 1,400 MW de ghiniúint gaoithe. Bainfimid fónamh freisin as poitéinseal na dteicneolaíochtaí a bhaineann le tonnta, taoide agus bithmhais.

Déanfaidh Gréasáin BSL €11 billiún breise a infheistiú sa bhonneagar riachtanach a bhfuil gá leis chun tacú le geilleagar na hÉireann agus chun éascú a dhéanamh ar chruthú 6,000 MW ón ngaoth ar an oileán ó na gineadóirí gaoithe uile.

Cúrsaí Airgeadais

D'fheidhmigh BSL go maith ó thaobh airgeadais de sa bhliain 2007. Mar atá léirithe sa rannóg Athbhreithniú Airgeadais thíos d'fhás ioncaim agus brabúis go tréan. Choinníomar leibhéil mhaithe ghiarála, chlúdaigh úis agus bhí torthaí maithe ann ón gcaipiteal. B'ionann an infheistíocht chaipitil agus tuairim is €900 milliún. Tá an fheidhmíocht chobhsaí airgeadais seo ríthábhachtach má táimid lenár gclár infheistíochta uaillmhianach a chomhlíonadh agus a bheith san iomaíocht in Éirinn agus thar lear.

An Margadh Aonair Leictreachais

Tháinig athrú ó bhonn ar an timpeallacht ghnó iomlán le haghaidh leictreachais i mí na Samhna 2007 nuair a cuireadh i bhfeidhm an Margadh Aonair Leictreachais, atá ina mhargadh mórdhíola uile-oileáin don leictreachas. Roimhe sin, bhíodh ioncaim Ghiniúna Cumhachta BSL á gcinneadh ag an Rialtóir. Is é an margadh anois a chinneann praghsanna le haghaidh gach gineadóra.

Giniúint Cumhachta BSL

Mar thoradh ar an iomaíocht rinneadh athbhreithniú bunúsach ar straitéis Ghiniúna Cumhachta BSL. Tá laghdú gníomhach á dhéanamh ag an ngnó ar a sciar den mhargadh a thit chuig 47% sa bhliain 2007. Eascróidh laghdú breise ar an sciar den mhargadh as dúnadh/dífheistiú leanúnach ar 1500 MW de stáisiúin agus de shuímh. An sprioc Ghiniúna Cumhachta atá ag BSL ná sciar den mhargadh de níos lú ná 30% sa Mhargadh Aonair Leictreachais. Tá sé neamhchoitianta go mbeadh cuideachta ag socrú laghdú sa sciar den

> Faoin mbliain 2020, beidh BSL ag soláthar aon trian dá leictreachas ó ghiniúint in-athnuaite. Áireoidh sé seo breis is 1,400 MW de ghiniúint gaoithe. Bainfimid fónamh freisin as poitéinseal na dteicneolaíochtaí a bhaineann le tonnta, taoide agus bithmhais.

Ferim gaoithe, Ceann an Chairn

mhargadh mar sprioc straitéiseach. Cibé scéal é, beidh Giniúint Cumhachta BSL níos lú ach níos láidre tar éis an laghdaithe seo i sciar an mhargaidh. Feabhsóidh stáisiúin nua-aimseartha breise amhail an ceann nua atá á thógáil in Áth Fhada i gCorcaigh, a chuirfidh comhthimthriall de 430MW ar fáil, éifeacht agus feidhmiú infhaighteacht de phunann fearas Ghiniúint Cumhachta.

Cé go mbeidh ról suntasach i gcónaí ag breosla iontaise, ach fós féin ról atá ag laghdú, tá BSL tiomanta de laghdú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol ar gach bealach is féidir. Ar an gcúis seo táimid ag infheistiú €368 milliún i dtionscadal iarfheistithe Ghob na Muine. Laghdóidh an infheistíocht seo astaíochtaí SO_x, NO_x agus smúite ón stáisiún breis is 80%. Beidh na hastaíochtaí CO_2 is ísle sa mhargadh ag stáisiún comhthimthriall nua gás-adhainte Áth Fhada nuair a tosaíonn sé ar bhonn tráchtála i 2009.

Soláthar Custaiméirí BSL

Sa bhliain 2007 bhí 51% den mhargadh soláthair i bPoblacht na hÉireann ag Soláthar Custaiméirí BSL. Léiríonn an sciar laghdaithe den mhargadh seo an leibhéal iomaíochta atá san earnáil tráchtála/tionsclaíochta.

Is é soláthar cúram custaiméirí den scoth an tosaíocht atá ag Soláthar Custaiméirí BSL, lena n-áirítear seirbhís chustaiméara dhíreach agus seirbhísí chun éifeachtacht bhreise in úsáid leictreachais na gcustaiméirí a fheabhsú.

D'eisigh Soláthar Custaiméirí BSL 13 mhilliún bille sa bhliain 2007 agus bhailigh sé breis is 15 mhilliún íocaíocht ó chustaiméirí. Láimhseáil an tIonad Náisiúnta Teagmhála Custaiméara beagnach 4 mhilliún glao ó chustaiméirí.

Gréasáin BSL

D'infheistigh Gréasáin BSL breis is €600 milliún chun forbairt agus uasghrádú a dhéanamh ar a bhonneagar agus ar a chórais sa bhliain 2007.

Tá toradh an chláir infheistíochta sna Gréasáin, a chosain na billiúin, le sonrú le blianta beaga anuas mar a bhfuil gréasáin níos stuama ann a chuireann soláthar níos iontaofa ar fáil do chustaiméirí agus atá níos buanseasmhaí nuair a tharlaíonn stoirmeacha.

Sa bhliain 2007 cheangail Gréasáin BSL 94,400 custaiméir nua. Leis seo bhí líon iomlán ceangal nua ann de bhreis is 580,000 idir 2001 agus 2007.

Le linn 2007, lainseáil Gréasáin BSL freisin an clár *Gréasáin Inbhuanaithe*. Is é ceann dá aidhmeanna ná Méadar Cliste a sholáthar do gach custaiméir le cur ar a gcumas éileamh leictreachais agus astaíochtaí carbóin a laghdú, chomh maith le hairgead a shábháil. Cuireadh tús leis an gcéad chéim le linn 2007, ina raibh triail teicneolaíochta agus feidhmiú céimneach do na chéad 25,000 custaiméir, agus déanfar an feidhmiú céimneach air le linn 2008.

Faoi dheireadh 2007, bhí níos mó ná 800MW de ghiniúint gaoithe nasctha le córais tarchuir agus leithdháilte Gréasáin BSL. Tá sé beartaithe téarmaí nasctha do beagnach 1,300MW de ghiniúint gaoithe breise a thairiscint. Siocair seo, beidh Gréasáin BSL ag tabhairt tacaíochta do cheann de na rátaí is airde de threá gaoithe ar domhan.

ESB International

Trí mheán a ghnó neamhspleách giniúna agus soláthair in Éirinn agus a stáisiúin ghiniúna sa Bhreatain agus sa Spáinn tá ESB International ag cur go mór le claochlú gasta an BSL ó bheith ina fhóntas rialaithe ag feidhmiú d'fhormhór ina mhargadh intíre féin go gnó iomaíoch atá dírithe ar thráchtáil in Éirinn agus thar lear. Tá na stáisiún i gCorby sa RA agus in Amorebietta sa Spáinn ag feidhmiú go héifeachtach i gcónaí. Táthar ag tapú deiseanna infheistíochta breise ar bhonn gníomhach sa dá thír lena n-áirítear stáisiún 840MW Marchwood sa RA atá á thógáil againn lenár bpáirtithe comhfhiontair, Scottish & Southern Energy.

Padraig McManus le foireann haca na hÉireann.

I dTuaisceart Éireann tá ár stáisiún cumhachta i gCúil Chaorach ag feidhmiú anois go sásúil tar éis deacrachtaí teicniúla a bheith ann i mí Eanáir 2007.

Freagracht Chorparáideach

Tugann BSL tús áite don tsábháilteacht. Tá cláir chuimsitheacha shábháilteachta ann don fhoireann agus do chonraitheoirí agus don phobal i gcoitinne freisin.

Chomh maith leis sin, tá BSL ag cur go gníomhach le baint amach na spriocanna comhshaoil náisiúnta atá leagtha amach ag an AE agus ag polasaí Rialtais. Tá úsáid inbhuanaithe acmhainní agus an comhshaol a chosaint ina bpríomhghnéithe dár gCreat Straitéiseach go 2020 de réir mar a luadh thuas.

Tá clár urraíochta fadréimseach ag BSL in Éirinn agus ar fud na réimsí spóirt agus cultúrtha agus i gcomhar lena fhoireann tacaíonn sé le roinnt tionscadal tacúla pobail in Éirinn agus thar lear, go háirithe i nGána áit a bhfuil mórthionscadal atógála scoile idir lámha le tacaíocht láidir ó fhoireann dheonach BSL.

An Fhoireann

Le hocht mbliana anuas thiomáin BSL cláir mhóra athraithe agus éifeachtachta i gcomhar lenár bhfostaithe. Sna blianta amach romhainn, mar atá leagtha mach sa Chreat Straitéiseach, leanfaidh BSL ag soláthar laghduithe substainteacha i bhforchostais ar fud a ghnóthaí agus fásfaimid agus forbróimid BSL chun go mbeidh sé ar an gcuideachta tosaigh a chuireann fuinneamh in-athnuaite ar fáil in Éirinn.

Luaim gach bliain an méid thar na bearta a dhéanann an fhoireann agus ní haon eisceacht í an bhliain seo. D'fhreastail foireann BSL ar an méadú mór millteach ar éileamh ar leictreachas agus chuir sí seirbhís thiomnaithe den chéad scoth ar fáil do chustaiméirí. Ní fhéadfaí macasamhail na foirne, a dtaithí na mblianta agus an sainmheon cuideachta bainteach a fháil. Leanfaidh BSL ag éileamh ar an bhfoireann sna blianta beaga amach romhainn de réir mar a chuirimid i bhfeidhm na straitéisí inbhuaine radacacha nua a luaigh mé thuas agus tuigim gur maith a bheidh an fhoireann in ann do na héilimh sin.

Padraig McManus
Príomhfheidhmeannach
29 Aibreán 2008